Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1272 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1273 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 281I, 22.7.2022, lch. 8	11452/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 281I, 22.7.2022, lch. 9	11452/22
<i>Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hUcráine</i> Cinneadh (CBES) 2022/1271 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hUcráine IO L 193, 21.7.2022, lgh. 196-218	11340/22

Rialachán (AE) 2022/1269 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíobhsú staid na hUcráine IO L 193, 21.7.2022, lgh. 1-132	11342/22
<i>Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria</i> Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1277 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria IO L 194, 21.7.2022, lgh. 15-17	11127/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1275 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria IO L 194, 21.7.2022, lgh. 8-10	11130/22
Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1277 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1275 ón gComhairle, maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria IO C 281I, 22.7.2022, lch. 5	11131/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí sin a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) 36/2012 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria IO C 281I, 22.7.2022, lch. 6	11131/22
<i>Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad</i> Cinneadh (CBES) 2022/1276 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 194, 21.7.2022, lgh. 11-14	11119/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1274 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 194, 21.7.2022, lgh. 5-7	11122/22

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1276 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1274 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 281I, 22.7.2022, lch. 1	11123/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 281I, 22.7.2022, lch. 3	
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 21 Iúil 2022	CM 4070/22
<i>Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh</i> Cinneadh (CBES) 2022/1285 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, atá ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh IO L 195, 22.7.2022, lgh. 93-94	11368/22
<i>Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine</i> Cinneadh (CBES) 2022/1284 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine IO L 195, 22.7.2022, lgh. 91-92	11366/22

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 28 Iúil 2022	CM 4057/22
<i>Cinneadh ón gComhairle maidir le Misean de chuid CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)</i> Cinneadh (CBES) 2022/1334 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) IO L 201, 1.8.2022, lgh. 27-28	9442/22
<i>Cinneadh ón gComhairle maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA)</i> Cinneadh (CBES) 2022/1333 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) IO L 201, 1.8.2022, lgh. 25-26	9385/22
<i>Cinneadh, Rialachán Cur Chun Feidhme agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau i mbaol</i> Cinneadh (CBES) 2022/1335 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/285/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau IO L 201, 1.8.2022, lgh. 29-30	11041/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1330 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau IO L 201, 1.8.2022, lgh. 3-4	11043/22
Rialachán (AE) 2022/1329 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau IO L 201, 1.8.2022, lgh. 1-2	11045/22
Fógra le haghaidh na ndaoine a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau i mbaol IO C 293, 1.8.2022, lch. 2	11046/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau i mbaol IO C 293, 1.8.2022, lch. 3	11046/22

<i>Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré</i> Cinneadh (CBES) 2022/1336 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré IO L 201, 1.8.2022, lgh. 31-47	11213/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1331 ón gComhairle an 28 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré IO L 201, 1.8.2022, lgh. 5-22	11215/22
Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/1336 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1331 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré IO C 293, 1.8.2022, lch. 4	11216/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré IO C 293, 1.8.2022, lch. 5	11216/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 28 Iúil 2022	CM 4099/22
<i>Ullmhúchán don 41ú Tionól den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta</i>	11482/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Iúil 2022	CM 4068/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 06/c/01/22</i> Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 06/c/01/22	10813/22
Ráiteas ón Ísiltír Aontaíonn an Ísiltír le hArdruaíocht na Comhairle go mbainfí an bonn de chosaint leas an phobail i ndáil leis an gcaidreamh idirnáisiúnta dá nochtfaí an doiciméad a iarradh agus gur cheart, dá bhrí sin, rochtain a dhiúltú. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an Ísiltír aontú leis an réasúnú sa dréachtfhreagra go mbainfeadh nochtadh an doiciméid iarrtha an bonn go mór den phróiseas cinnteoireachta leanúnach, i bhfianaise léiriú sriantach na heisceachta sin ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is é ár dtuairim nach mínítear go leordhóthanach sa dréachtfhreagra faoi láthair go bhfuil riosca measartha intuartha ann, seachas riosca atá hipitéiseach amháin, go mbainfí an bonn de phróiseas cinnteoireachta na hinstitiúide ar bhealach sonrach iarbhrí dá ndéanfaí an doiciméad atá á iarraidh a nochtadh ina iomláine. (C 350/12 P Comhairle/in ‘t Veld agus C 280/11 P an Chomhairle v Access Info Europe).	CM 4068/22

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Iúil 2022	CM 4089/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 08/c/01/22</i>	30/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 08/c/01/22</i>	
Ráiteas ón tSualainn Vótálann an tSualainn i bhfabhar an dréachtfhreagra. Mar sin féin, ba mhaith leis an tSualainn a chur i bhfios go láidir go sainítear go soiléir raon feidhme an rialacháin in Airteagail 2.3 agus 3a agus nár cheart coinníollacha breise a chur leis ós rud é go bhfuil an baol ann go mbraithfí go dteorannaíonn na coinníollacha breise sin raon feidhme an rialacháin. Ba mhaith leis an tSualainn a chur i bhfios go láidir nár cheart raon feidhme an rialacháin a theorannú ar na cúiseanna a luaitear i mír 9 lena gcuirtear coinníollacha leis an méid atá sainithe cheana féin i rialachán 1049/2001. Mar shampla, is léir ó fhocláíocht Airteagal 3 gur féidir le doiciméad aon ábhar a bheith ann, is cuma cén an meán, chomh fada agus a bhaineann sé le hábhar a bhaineann leis na beartais (...). Ní léir, áfach, cén fáth nach féidir doiciméad gearrshaolach a bhaint amach ná cén cineál cumarsáide fón póca-bhunaithe a mheastar a bheith gearrshaolach agus, atá, dá bhrí sin, díolmhaithe ó raon feidhme an rialacháin. Ina theannta sin, ní leagtar síos aon cheanglas in Airteagal 3a nach mór ‘faisnéis shubstaintiúil a bheith i ndoiciméad’ chun go measfar gur doiciméad é.	CM 4089/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Iúil 2022	CM 4116/22
<i>Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Macadóine Thuaidh</i> Cinneadh (AE) 2022/1350 ón gComhairle an 29 Iúil 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Macadóine Thuaidh IO L 203, 3.8.2022, lgh. 1-2	11567/22 + ADD 1
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Iúil 2022	CM 4048/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 05/c/01/22</i>	10527/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 05/c/01/22</i>	

An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Iúil 2022	CM 4063/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 07/c/01/22</i>	10794/22
Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 07/c/01/22	
Ráiteas ón bPolainn Tacaíonn an Pholainn leis an gcinneadh tosaigh ó Ardrúnaíocht na Comhairle de bhun Airteagal 4(3), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 (an eisceacht i ndáil le próiseas cinnteoireachta na Comhairle a chosaint) agus measann sí nach leor údar an iarratasóra i ndáil le leas an phobail. Tá an díospóireacht maidir le criptiú fós ar siúl agus ráthaítear rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas cinnteoireachta daonlathaí i bhfoirmeacha éagsúla, go háirithe trí chomhairliúcháin phoiblí le linn an nós imeachta reachtaigh. Thairis sin, tá an Pholainn den tuairim go mbainfeadh nochtadh na ndoiciméad ábhartha an bonn de chosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí (Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001). Is fíor go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as cumarsáid leictreonach chriptithe chun gach cineál gníomhaíochta coiriúla a dhéanamh. Níor cheart cúlra agus toradh phlé na mBallstát maidir le modhanna agus foirmeacha chun an cleachtas sin a chosc agus a chomhrac a nochtadh don phobal i gcoitinne. Dá nochtfaí an cineál sin faisnéise, d'fhéadfadh laghdú breise teacht ar chumas forfheidhmithe dlí freagairt do bhagairtí atá ag teacht chun cinn agus, ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh laghdú teacht ar éifeachtacht imscrúdaithe agus ionchúisimh dhéantóirí na coire.	CM 4063/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Iúil 2022	CM 4065/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 10/c/01/22</i>	11026/22
Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 10/c/01/22	
Ráiteas ón bhFionlainn Ní féidir leis an bhFionlainn aontú leis an réasúnú sa dréachtfhreagra ar iarratas dearbhúcháin Uimh. 10/c/01/22 go mbainfeadh nochtadh an doiciméid iarrtha an bonn go mór den phróiseas cinnteoireachta leanúnach, go háirithe i bhfianaise léiriú sriantach na heisceachta sin ag an gCúirt maidir le doiciméid a bhaineann le nósanna imeachta reachtacha (T-540/15 De Capitani).	CM 4065/22
Ráiteas ón Ostair Tá an Ostair ar an eolas faoin íogaireacht a bhaineann le sainchomhaid atá ar feitheamh a scaoileadh agus tacaíonn sí go ginearálta le beartas sriantach maidir le doiciméid atá ar feitheamh a scaoileadh. Maidir leis an tsainchomhaid i dtrácht, tá an Ostair mar aon leis an gcuid is mó de na Ballstáit eile anois den bharúil gurbh é ba chúis le neamhdhóthanacht théacs an tsainchomhaid, <i>inter alia</i> , nach raibh dóthain ama ag na Ballstáit comhairliúcháin chuimsitheacha a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le go leor gnéithe. Ó thaobh na hOstaire de, tá cúiseanna maithe ann i láthair na huairé – agus iarrachtaí ar bun an téacs mar atá a fheabhsú go mór – gan an toradh idirmheánach reatha a choinneáil siar ón bpobal. Go pointe áirithe, ba cheart trédhearcacht a léiriú i sainchomhad ina	CM 4065/22

ndéileáiltear go príomha leis an trédhearcacht. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina argóint gan rochtain ar an téacs a dhiúltú, rud is dócha a bheidh as dáta i roinnt sonraí. Mar sin féin, níor cheart é sin a bheith ina fhasach go n-éilíonn an Ostair go ginearálta rochtain oscailte ar chomhaid atá fós á gcaibidil. Ní mór measúnú cúramach cás ar chás a dhéanamh. Ar ndóigh, glacann an Ostair le haon chinneadh a dhéanann tromlach na dtoscaireachtaí i dtionól na Comhairle. Sa chás sonrach sin, is mian leis an Ostair staonadh ón gcinneadh.	
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 4 Lúnasa 2022	CM 4094/22
<i>Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin</i> Cinneadh (CBES) 2022/1355 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 204I, 4.8.2022, lgh. 4-5	8265/22
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1354 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO L 204I, 4.8.2022, lgh. 1-3	8266/22
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 281I, 22.7.2022, lch. 9	11453/22 + COR1
Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hUcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin IO C 281I, 22.7.2022, lch. 3	11453/22 + COR1
<i>Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis</i> Cinneadh (CBES) 2022/1367 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis IO L 205, 5.8.2022, lgh. 276-277	11417/22

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1356 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis IO L 205, 5.8.2022, lgh. 1-3	11419/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 5 Lúnasa 2022	CM 3877/22
<i>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 11/c/01/22</i> Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 11/c/01/22	11036/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 5 Lúnasa 2022	CM 4101/22
<i>Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás</i> Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás IO L 206, 8.8.2022, lgh. 1-10	11568/22
Ráiteas ón gCoimisiún Sna tograí ón gCoimisiún Eorpach in COM (2022) 360 final, eadhon chun ‘Gás a choigilt gás le haghaidh geimhreadh sábháilte’, leagtar amach na laghduithe is gá ar éileamh chun aghaidh a thabhairt ar staid phráinneach shlándáil an tsoláthair sa mhargadh gáis Eorpach. Sa bhreis ar na gnéithe sin, agus mar chuid den iarracht fhoriomlán aghaidh a thabhairt ar an staid thromchúiseach fuinnimh ar an iomlán, staid a d’eascair as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hUcráine, cuireann an Coimisiún Eorpach i dtábhacht go ndéanfaidh sé dul chun cinn go práinneach leis an obair thábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe ábhartha eile, eadhon: – breithnithe soláthair: leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre tríd an Ardán Fuinnimh chun cainníochtaí breise gáis agus GNL (agus hidrigine, amach anseo) a áirithiú don mhargadh Eorpach, agus chun ceannach comhpháirteach a éascú, agus ar an gcaoi sin cuirfear dlús le laghdú ar an spleáchas ar sholáthairtí gáis ón Rúis. Díreoidh an Tascfhórsa atá bunaithe anois a iarrachtaí ar roinnt margaí seachtracha tosaíochta i ndáil leis sin, lena n-áirítear d’fhonn cainníochtaí breise GNL a áirithiú i mbliana agus an bhliain seo chugainn, agus déanfaidh sé obair na gcúig ghrúpa réigiúnacha atá bunaithe a chur chun cinn agus a chomhordú go pras, mar shampla chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as an mbonneagar atá ann cheana. – caidhpeanna praghsanna: aithníonn a thábhachtaí atá sé soláthar fuinnimh ar phraghsanna inacmhainne a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs iarrachtaí sainordaitheacha ar éileamh a laghdú, agus a áirithiú an tráth céanna go dtéann gás go dtí an áit is mó a bhfuil gá leis de mheon na dlúthpháirtíochta agus chun margadh inmheánach an Aontais a chosaint, mar sin tá measúnú práinneach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na féidearthachtaí éagsúla chun caidhpeanna praghsanna don ghás a thabhairt isteach. Chuige sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit (agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta i gcás inarb iomchuí) agus tabharfaidh sé tuairisc san fhómhar le tograí sonracha, de réir mar is gá. – dearadh an mhargaidh leictreachais: agus an Coimisiún ag tabhairt dá aire gur mian le roinnt toscaireachtaí féachaint conas is féidir feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí leictreachais amach anseo chun leas na dtomhaltóirí agus earnáil na tionsclaíochta, go háirithe i bhfianaise éifeacht na bpraghsanna gáis, déanfaidh sé dul chun cinn i dtaca leis an bpróiseas measúnaithe tionchair maidir le conas is féidir luaineacht iomarcach praghsanna a sheasamh amach anseo, leictreachas inacmhainne a sholáthar laistigh de chóras fuinnimh atá go hiomlán dícharbónaithe amach anseo, agus sláine an Mhargaidh Aonair á caomhnú, dreasachtaí don	CM 4101/22

aistriú glas á gcoinneáil, slándáil an tsoláthair á caomhnú agus costais bhuiséadacha dhíríreacha á seachaint an tráth céanna. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair sin mar thosaíocht, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ionas gur féidir í a thabhairt chun críche a luaithe is féidir.	
Ráiteas ó Phoblacht na Polainne i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú Tá agóid á déanamh ag Poblacht na Polainne i gcoinne an dréacht-Rialacháin maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú, dréacht-Rialachán atá á ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Tá agóid á déanamh ag Poblacht na Polainne i gcoinne an dréacht-Rialacháin maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú mar gheall ar fhorchoimeádais thromchúiseacha i ndáil le hinneachar an dréacht-Rialacháin, lena n-áirítear, go háirithe, an bunús dlí agus an bunús Conartha a bheith mícheart. Cinntí a mbíonn tionchar acu ar mheascán fuinnimh agus ar shlándáil fuinnimh na mBallstát, ba cheart iad a ghlacadh d'aontoil trí nós imeachta reachtach speisialta faoi Airteagal 192(2)(c) CFAE i gcomhar le hAirteagal 194(2) CFAE. Aon bhearta faoi dhlí an Aontais lena sriantar tomhaltas amhábhair fuinnimh, eadhon, a mbíonn tionchar acu ar mheascán fuinnimh na mBallstát (lena n-áirítear cinntí foláireamh a dhearbhu san Aontas), ba cheart iad a ghlacadh d'aontoil freisin. Tagann an beartas fuinnimh agus an tslándáil fuinnimh go heisiach faoi fhreagracht na mBallstát. Ní aontaíonn Poblacht na Polainne gur cheart Ballstát amháin a bheith in ann cinneadh a dhéanamh thar ceann Ballstát eile maidir le hábhar a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh nó inniúlacht a bheith ag an gCoimisiún sa réimse sin. Tagann an beartas fuinnimh agus an tslándáil fuinnimh go heisiach faoi fhreagracht na mBallstát.	CM 4101/22
An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 29 Lúnasa 2022	CM 4175/22
<i>Ullmhúchán don 41ú Tionól den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta</i> <i>Páipéir oibre a bhaineann leis an gcomhshaol arna mbeartú le cur faoi bhráid ICAO</i> Ullmhúchán don 41ú Tionól den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta Aighneachtaí thar ceann an Aontais agus a Bhallstát	11779/22 ADD1-3